# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht Fheidhmeach 2014

# Scéim Mharcála

# Gaeilge Chumarsáideach

## Comónta

## Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, 2014

# Gaeilge Chumarsáideach

(180 marc)

## Scéim Mharcála

**Don Fheitheoir**

| **Stampa an Ionaid** |
|---|
| |

**Don Scrúdaitheoir**

| Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. → | |
|---|---|
| **Nóta:** Caithfidh an marc thuas a bheith mar an gcéanna leis an marc **IOMLÁN** sa ghreille thíos. | |

## *Treoracha Ginearálta*

**1.** Scríobh do **scrúduimhir** sa spás seo: →

**2.** Scríobh na freagraí sa fhreagarleabhar seo.

Tá ceithre roinn sa pháipéar seo.
Caithfear gach ceist a fhreagairt.

**Roinn 1** **Cluastuiscint (75 marc)**
**Roinn 2** **Léamhthuiscint (30 marc)**
**Roinn 3** **Scríobh na Teanga (30 marc)**
**Roinn 4** **Taighde (45 marc)**

**Don Scrúdaitheoir**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | 30 |
| 2 | 13 |
| 3 | 32 |
| 4 | 15 |
| 5 | 15 |
| 6 | 15 |
| 7 | 15 |
| Taighde | 45 |
| IOMLÁN | 180 |

# Roinn 1 – **Cluastuiscint** [75 marc]


**30**

Éist go cúramach leis an taifeadadh. Cloisfidh tú an chaint **faoi dhó**.

## **CEIST 1** (30 marc)

Éist leis an taifeadadh agus cuir **A**, **B**, **C** nó **D** sa bhosca cuí.


### Píosa a hAon




**A**




**B**



**C**



**D**

Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? **C** = **[10 Marc]**

### Píosa a Dó



**A**



**B**




**C**



**D**

Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? **A** = **[10 Marc]**

### Píosa a Trí



**A**



**B**



**C**



**D**

Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? **B** = **[10 Marc]**

13

## CEIST 2 (13 mharc)

Éist leis an taifeadadh agus líon an fhoirm seo **i nGaeilge**.

# CLUB ÓIGE CHOIS LOCHA

## FOIRM IARRATAIS

**SLOINNE**:

| | | |
|---|---|---|
| Ó Ceallaigh | | |
| Ó Duinn | **X** | |
| Ó Broin | | = **[1 mharc]** |

**AINM**: ***Liam*** ***(Ó Duinn)*** = **[1 mharc]**

**AOIS**:

| | | |
|---|---|---|
| 16 | | |
| 17 | | |
| 18 | **X** | = **[1 mharc]** |

**SEOLADH**: ***7 Sráid Na Siopaí,*** = **[3 mharc]**
***Corcaigh***. = **[1 mharc]**



**UIMHIR THEILEAFÓIN**:

| | | |
|---|---|---|
| 086 242 860 | | |
| 087 242 815 | | |
| 086 384 262 | **X** | = **[2 mharc]** |

**DO ROGHA DHÁ SPÓRT**:

| | | |
|---|---|---|
| Snámh | **X** | = **[2 mharc]** |
| Peil | | |
| Cispheil | | |
| Iománaíocht | **X** | = **[2 mharc]** |
| Rothaíocht | | |

32

# **CEIST 3** (32 marc)

...a comhráite seo agus freagair na ceisteanna as **Gaeilge** *nó* as **Béarla**.



## Comhrá a hAon

**1.** Cá ndeachaigh Máire Dé Sathairn?

| | |
|---|---|
| Ag Rothaíocht | |
| Ag Siopadóireacht | X |
| Ag Snámh | |

= **[2 mharc]**

**2.** Cén aois a bhí ag a cara?

***Bhí a cara <u>(17)(seacht mbliana déag) d'aois</u>.*** = **[2 mharc]**

**3.** Cad a rinne Máire agus a cara oíche Dé Domhnaigh?

***Chuaigh siad chuig <u>bialann</u>.*** = **[2 mharc]**

**4.** Cad a d'ith Máire?

***D'ith sí <u>burgar agus sceallóga</u>.*** = **[2 mharc]**



## Comhrá a Dó

**1.** Cé a chuaigh le Tomás go dtí an cheolchoirm?

***Chuaigh <u>a dheartháir</u> le Tomás go dtí an cheolchoirm.*** = **[2 mharc]**

**2.** Cá raibh an cheolchoirm ar siúl?

| | |
|---|---|
| Sa Scoil | |
| San Óstán | X |
| Sa Chlub | |

= **[2 mharc]**

**3.** Cén t-am a chríochnaigh an cheolchoirm?

***Chríochnaigh an cheolchoirm <u>ar a dó dhéag</u> a chlog.*** = **[2 mharc]**

**4.** Ar thaitin an cheolchoirm le Tomás?

***<u>Thaitin</u> an cheolchoirm go mór leis.*** = **[2 mharc]**

## Comhrá a Trí




**1.** Cad is ainm don choláiste?

| | |
|---|---|
| Coláiste Lurgan | |
| Coláiste Chamuis | **X** |
| Coláiste Chonnacht | |

= **[2 mharc]**

**2.** Conas a bhí an aimsir?

***Bhí an aimsir uafásach/ag cur báistí(an t-am ar fad).*** = **[2 mharc]**

**3.** Cén mhí a ndeachaigh Áine go Conamara?

***Chuaigh Áine go Conamara i mí Lúnasa.*** = **[2 mharc]**

**4.** What facilities were in the college?

(a) ***Bhí páirc peile ann.*** **= [1 mharc]**

(b) ***Bhí cúirt leadóige ann.*** **= [1 mharc]**



## Comhrá a Ceathair

**1.** Cén fáth nach raibh Seán ar scoil le seachtain?

***Bhí sé san ospidéal. / Bhain timpiste dó Dé Sathairn seo caite.*** = **[2 mharc]**

**2.** Cad a bhí á dhéanamh ag Seán nuair a tharla an timpiste?

***Bhí sé ag imirt peile.*** = **[2 mharc]**

**3.** Cé mhéad lá a bhí Seán san ospidéal?

***Bhí Seán san ospidéal sé lá.*** = **[2 mharc]**

**4.** Conas a chaitheann sé an lá sa bhaile?

***Bíonn sé ag éisteacht le ceol ar a i-pod.*** = **[2 mharc]**

15

# Roinn 2 – **Léamhthuiscint** [30 marc]

**CEIST 4** (15 mharc)

Léigh an píosa seo agus freagair na ceisteanna as **Gaeilge** *nó* as **Béarla**.

## Evanne Ní Chuilinn



Rugadh agus tógadh Evanne Ní Chuilinn i gCill Chainnigh. Chuaigh sí ar scoil i gClochar na Toirbhearta, Loch Buí, in aice le Cathair Chill Chainnigh. Bhí an-suim aici sa cheol agus sa spórt. D'imir sí camógaíocht leis an scoil.

Sa bhliain 1999 bhí Evanne ar fhoireann díospóireachta na scoile a bhuaigh Craobh na hÉireann i gcomórtas díospóireachta Ghael-Linn. Bhí an chraobh ar siúl in óstán Jury's i mBaile Átha Cliath.

Rinne sí cúrsa san Iriseoireacht agus sa Chumarsáid Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Bhí sí ar thaithí oibre le TG4. Fuair sí post le RTÉ in 2006.

Bíonn Evanne agus a mac óg Séimí le feiceáil go minic ag imeachtaí spóirt, go háirithe i bPáirc an Chrócaigh. Nach í a bheidh bródúil má bhíonn Séimí ag caitheamh gheansaí Chill Chainnigh amach anseo.

### Ceisteanna

**1.** Cár rugadh Evanne Ní Chuilinn?

***Rugadh í i gCill Chainnigh*. = [4 mharc]**

**2.** Cén comórtas a bhuaigh sí i 1999?

***Bhuaigh sí Craobh na hÉireann i ndíospóireacht Ghael-Linn*. = [4 mharc]**

**3.** Ainmnigh an stáisiún teilifíse lena ndearna Evanne taithí oibre.

***Rinne Evanne taithí oibre le TG4*. = [4 mharc]**

**4.** Cad is ainm do mhac óg Evanne?

***Séimí is ainm do mhac óg Evanne*. = [3 mharc]**

15

## **CEIST 5** (15 mharc)

n litir seo agus freagair na ceisteanna as **Gaeilge** nó as **Béarla.**

10 An Bóthar Ard,
Ros Comáin.
16 Aibreán 2014

An Bainisteoir,
Ollmhargadh Centra,
PríomhShráid,
Ros Comáin.

A chara,
Tá mé seacht mbliana déag d'aois. Tá an Ardteistiméireacht Fheidhmeach ar siúl agam i mbliana. Ba mhaith liom post samhraidh a fháil i d'ollmhargadh. Chonaic mé an fógra sa pháipéar nuachta áitiúil. Tá taithí agam ar obair i siopa.

Seol chugam foirm iarratais don phost, le do thoil.

Is mise, le meas,

Tomás Ó Briain.

## Ceisteanna

**1.** Cathain a scríobh Tomás Ó Briain an litir?

***Scríobh Tomás an litir ar an <u>16 Aibrean 2014</u>.* = [4 mharc]**

**2.** Cén seoladh atá ag ollmhargadh Centra?

***<u>Príomhshráid, Ros Comán</u>.* = [4 mharc]**

**3.** Cén aois é Tomás?

***Tá Tomás <u>seacht mbliana déag d'aois</u>.* = [4 mharc]**

**4.** Cá bhfaca Tomás an fógra?

***Chonaic Tomás an fógra <u>sa pháipéar/ nuachta áitiúil</u>.* = [3 mharc]**

| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | + | = | |
|---|---|---|---|

30




# Roinn 3 – **Scríobh na Teanga** [30 marc]

Le freagairt **i nGaeilge amháin**.
This section **must** be answered in **Irish**.



A

## **CEIST 6** (15 mharc)

Bhí tú ag **cluiche peile** *nó* ag **scannán**.
Scríobh cuntas **i nGaeilge** faoin gcluiche peile *nó* faoin scannán.

Write in **Irish** about a **football match** *or* a **film** that you attended.
Scríobh rud éigin faoi na pointí seo i do chuntas:

- An lá agus an t-am
- An áit
- Rud éigin a tharla
- Na ticéid.

**Ábhar = 4 phointe = [2 mharc x 4] = [8 marc]**
**Gaeilge = [7 marc]**

**Ábhar = 8**
**<u>Gaeilge = 7</u>**
**[Iomlán = 15]**

| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | + | = | |
|---|---|---|---|

**15**

## **CEIST 7** (15 mharc)

Tá tú ar saoire sa Fhrainc.

Scríobh cárta poist **i nGaeilge** chuig cara leat ag insint dó/di faoin tsaoire.

Scríobh rud éigin faoi na pointí seo:



- An áit
- An aimsir
- An bia
- Cé atá in éineacht leat
- Conas a chaitheann sibh an lá.

| | |
|---|---|
| **Ábhar = [6 mharc]**<br>3 Phointe Eolais = 6 mharc (2 mharc x 3 phointe)<br>**Gaeilge = [7 marc]** | **Foirmlí:**<br><br>**Ainm agus Sloinne = [1 marc]**<br>**Seoladh = [1 marc]** |

**Foirmle = 2**
**Ábhar = 6**
**Gaeilge = 7**
**[Iomlán = 15]**




| **Don scrúdaitheoir**<br>Iomlán reatha → | + | = | |
|---|---|---|---|

45

# Roinn 4 – **Taighde** [45 marc]

**This section may be answered in Irish *or* in English.**

**1.** Name a topic you researched as part of **Gaeilge Chumarsáideach**.

**[0 - 2 - 4]**

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________(4 mharc)

**2.** **Where** did you get your information?

*(a)* ____________________________________________________________________________

**[3 - 2 - 0]**

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

*(b)* ____________________________________________________________________________

**[3 - 2 - 0]**

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

*(c)* ____________________________________________________________________________

**[3 - 2 - 0]**

______________________________________________________________________________


______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________(9 marc)








| **Don scrúdaitheoir** Iomlán reatha → | + | = | |
|---|---|---|---|

**3.** What did you learn **about the topic you researched?**

***(a)*** ______________________________________________
**[8 - 4 - 0]**

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

***(b)*** ______________________________________________
**[8 - 4 - 0]**

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

***(c)*** ______________________________________________
**[8 - 4 - 0]**

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

***(d)*** ______________________________________________
**[8 - 4 - 0]**

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________(32 marc)

# CEIST 1

## Píosa a hAon

Beidh cluiche iománaíochta ar siúl tráthnóna inniu tar éis na scoile. Beidh Scoil Naomh Peadar agus Scoil Naomh Pádraig ag imirt.

## Píosa a Dó

Seo réamhaisnéis na haimsire. Beidh an lá amárach te. Sroichfidh an teocht fiche a seacht céim Celsius. Beidh an ghrian ag taitneamh an lá ar fad.

## Píosa a Trí

Chuaigh Tomás agus Máire go dtí an phictiúrlann inné. Chonaic siad an scannán *The Hobbit*. Bhí an scannán go maith agus thaitin sé go mór leo.

# CEIST 2

Liam Ó Duinn is ainm dom. Tá mé ocht mbliana déag d'aois. Tá mé i mo chónaí in uimhir a seacht, Sráid na Siopaí, Corcaigh. Is í an uimhir theileafóin atá agam ná 086-384 262. Is maith liom an iománaíocht agus an snámh.

## CEIST 3

**COMHRÁ 1**

**Lisa:** Cad a rinne tú Dé Sathairn, a Mháire?

**Máire:** Chuaigh mé ag siopadóireacht, a Lisa.

**Lisa:** Ar cheannaigh tú aon rud deas, a Mháire?

**Máire:** Cheannaigh mé bronntanas deas do mo chara mar bhí a breithlá ann Dé Domhnaigh.

**Lisa:** Cén aois a bhí do chara?

**Máire:** Bhí sí seacht mbliana déag d'aois.

**Lisa:** Cad a rinne sibh oíche Dé Domhnaigh?

**Máire:** Chuamar go bialann ghalánta an oíche sin.

**Lisa:** Cad a d'ith tú sa bhialann, a Mháire?

**Máire:** D'ith mé burgar agus sceallóga.

**COMHRÁ 2**

**Pádraig:** Ní fhaca mé ag an gcluiche peile tráthnóna Dé Sathairn thú, a Thomáis. Cá raibh tú?

**Tomás:** Chuaigh mé chuig ceolchoirm le mo dheartháir.

**Pádraig:** Cá raibh an cheolchoirm ar siúl, a Thomáis?

**Tomás:** **S**an óstán nua, a Phádraig.

**Pádraig:** Cé mhéad a chosain an ticéad?

**Tomás:** Fiche euro.

**Pádraig:** Cén t-am a chríochnaigh an cheolchoirm?

**Tomás:** Ar a dó dhéag a chlog.

**Padraig:** Ar thaitin an cheolchoirm leat, a Thomáis?

**Tomás:** Thaitin sí go mór liom.

**COMHRÁ 3**

**Bríd:** An ndeachaigh tú go dtí an Ghaeltacht an samhradh seo, a Áine?

**Áine:** Chuaigh. Chuaigh mé go Conamara, a Bhríd.

**Bríd:** Cén coláiste a raibh tú ann, a Áine?

**Áine:** Bhí mé i gColáiste Chamuis, a Bhríd.

**Bríd:** Conas a bhí an aimsir?

**Áine:** Bhí an aimsir uafásach. Bhí sé ag cur báistí an t-am ar fad.

**Bríd:** Cén mhí a ndeachaigh tú go Conamara?

**Áine:** Chuaigh mé i mí Lúnasa.

**Bríd:** Cad iad na háiseanna a bhí sa choláiste?

**Áine:** Bhí páirc peile agus cúirt leadóige sa choláiste.

**COMHRÁ 4**

**Séan:** Dia duit, Séan anseo. Cé atá ag caint?

**Peadar:** Peadar. Ní raibh tú ar scoil le seachtain. Cén fáth?

**Séan:** Bhí mé san ospidéal. Bhain timpiste dom Dé Sathairn seo caite.

**Peadar:** Conas a tharla an timpiste, a Sheáin?

**Séan:** Bhí mé ag imirt peile agus ghortaigh mé mo lámh.

**Peadar:** Conas a chuaigh tú go dtí an t-ospidéal?

**Séan:** San otharcharr.

**Peadar:** Cé mhéad lá a bhí tú san ospidéal?

**Séan:** Sé lá. Tháinig mé abhaile Dé hAoine.

**Peadar:** Conas a chaitheann tú an lá sa bhaile?

**Séan:** Bím ag éisteacht le ceol ar mo i-Pod.

## Oiriúntais Réasúnta

Tá roinnt leasuithe ar an Scéim Mharcála i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh agus a bhfuil réiltéiní in aice lena gcuid scrúduimhreacha ar na Leatháin Mharcála.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:
1) Iarrthóirí a bhfuil cealú ceadaithe dóibh maidir le litriú agus gramadach. Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.
2) Iarrthóirí a d'úsáid: scríobhaí, téipthaifeadán, próiseálaí focal nó ríomhaire.

Cuirtear scéim mhodhnaithe i bhfeidhm maidir le litriú agus cruinneas gramadaí sna freagraí ar na ceisteanna a bhfuil a leithéid i gceist iontu. m.s. Roinn III Ceapadóireacht: C.6, agus C.7. Ní chuirtear aon phionós ar 'drochlitriú' ná 'ar easpa cruinneas gramadaí' i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Chluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhthuiscint.
I gcás aon iarrthóra a bhfuil oiriúntais réasúnta faofa dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a mharcáil sa ghnáthshlí d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 6 agus 7 agus tugtar luacháil chéimithe don iarrthóir ansin. Féach thíos.
Luacháil chéimithe don iarrthóir a bhfuil Oiriúntas Réasúnta faofa dó:

Ceist 6
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 1>2 – cruinneas + 0 mharc
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 3>5 – cruinneas + 1 mharc.
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 6>7 – cruinneas = 7 marc.

Ceist 7
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 1>2 – cruinneas + 0 mharc.
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 3>5 – cruinneas + 1 mharc.
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 6>7 – cruinneas = 7 marc.

Ní mór an cealú seo a thaispeáint ar an bhfreagarleabhar, taobh istigh agus ar an gclúdach, taobh amuigh.
m.s. G (OR) = 1